Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**6509/25**
**ADD 1**

**EDUC 41**
**JEUN 24**
**SOC 95**
**DIGIT 31**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile<br>– *Formheas*<br>– *Ráiteas ón Ungáir* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón Ungáir i dtaca leis an ábhar thuasluaite.

**Ráiteas ón Ungáir i ndáil leis na Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile**

De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá ag gach duine an ceart chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar ghairmoiliúint agus ar oiliúint leanúnach. Tá an Ungáir tiomanta an ceart sin a chomhlíonadh agus a chur chun cinn chomh maith le cóir chomhionann agus rannpháirtíocht a áirithiú do chách, go háirithe leanaí.

Agus é á chur san áireamh aici go dtagann dlí an teaghlaigh go bunúsach faoi inniúlacht eisiach na mBallstát, tuigeann an Ungáir an téarma 'gach teaghlach' sna Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir in oideachas agus cúram na luath-óige agus san oideachas scoile, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus lena reachtaíocht náisiúnta.